Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Iúil 2026
(OR. en)

10641/26

Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0157(NLE)

ECOFIN 828
UEM 269
FIN 902
*ECB*
*EIB*

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Laitvia |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021**
**maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Laitvia**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Laitvia an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta a chur isteach an 30 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 13 Iúil 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin chinneadh cur chun feidhme[2] ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021'). Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 le Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Nollaig 2023[3], an 18 Feabhra 2025[4] agus an 12 Nollaig 2025[5].

(2) An 27 Bealtaine 2026, rinne an Laitvia iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh i ngeall ar imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an Laitvia.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Laitvia isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 22 bheart.

---

2 Féach doiciméid ST 10157/21 agus ST 10157/21 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

3 Féach doiciméid ST 15569/23 agus ST 15569/23 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

4 Féach doiciméid ST 5730/25 agus ST 5730/25 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

5 Féach doiciméid ST 15719/25 agus ST 15719/25 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

(4) Tá sé mínithe ag an Laitvia go bhfuil dhá bheart nach féidir a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh mar gheall ar mhoilleanna gan choinne a bhain dá gcur chun feidhme; orthu sin bhí dúshláin soláthair, deacracht le líon leordhóthanach tairgeoirí a mhealladh agus srianta ar an slabhra soláthair a chuir bac ar dhul chun cinn na mbeart agus a chuir an phleanáil tosaigh ó mhaith. Baineann sé sin le beart 2.3.2.3.i (An deighilt dhigiteach a dhúnadh le haghaidh daltaí agus institiúidí oideachais atá leochaileach go sóisialta) faoi Chomhchuid 2 (An Claochlú Digiteach) agus beart 3.1.2.1.i (Bearta chun rochtain ar sheirbhísí poiblí agus ar an bhfostaíocht a chur chun cinn i gcás daoine a bhfuil lagú feidhme orthu) faoi Chomhchuid 3 (Neamhionannas a Laghdú). Ar an mbonn sin, tá sé iarrtha ag an Laitvia go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(5) Tá mínithe ag an Laitvia go bhfuil 18 bheart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus chun an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a shimpliú, agus cuspóirí na mbeart sin á mbaint amach an tráth céanna. Baineann sé sin le bearta 1.1.1.r (Córas iompair inbhuanaithe), 1.1.1.i (Bonneagar iompair cathrach Ríge a fheabhsú), 1.2.1.2.i (Cur leis an éifeachtúlacht fuinnimh i réimse an ghnó, i bhfoirm ionstraim airgeadais chomhcheangailte), 1.2.1.4.i (Éifeachtúlacht fuinnimh fhoirgnimh na hearnála poiblí a fheabhsú) faoi Chomhchuid 1 (An tAthrú Aeráide agus an Inbhuanaitheacht Chomhshaoil); bearta 2.1.1.1.i (Nuachóiriú an riaracháin agus claochlú digiteach seirbhísí), 2.1.3.1.i (Infhaighteacht agus comhroinnt sonraí, agus anailís ar shonraí), 2.3.1.1.i (Scileanna digiteacha a shaothrú), 2.3.1.2.i (Scileanna digiteacha a fhorbairt), 2.3.2.2.i (Forbairt scileanna agus cumas maidir le claochlú digiteach an stáit agus an rialtais), 2.4.1.2.i (Forbairt bhonneagair 'an mhíle deiridh' i dtaca le líonraí leathanbhanda nó líonraí fíor-ardacmhainneachta) faoi Chomhchuid 2 (An Claochlú Digiteach); bearta 3.1.1.3.i (Infheistíochtaí i mbonneagar poiblí chun páirceanna tionsclaíocha a fhorbairt sna réigiúin), 3.1.1.4.i (Bunú ciste maoinithe i gcomhair tithíocht ar chíos íseal a thógáil), 3.1.1.6.i (Ceannach busanna scoile leictreacha), 3.1.2.3.i (Athléimneacht agus leanúnachas na seirbhíse cúraim shóisialta fadtéarmaí) faoi Chomhchuid 3 (Neamhionannas a Laghdú); bearta 5.1.1.1.i (Tacaíocht do shamhail rialachais lánfheidhme um chórais nuálaíochta), 5.1.1.2.i (Ionstraim thacaíochta i gcomhair an taighde agus an idirnáisiúnaithe), 5.2.1.r (Athchóiriú an Ardoideachais agus Barr Feabhais agus Rialachas Eolaíochta) faoi Chomhchuid 5 (Claochlú eacnamaíoch agus athchóiriú táirgiúlachta) agus beart 6.1.2.4.i (Bonneagar a chruthú chun seirbhísí rialaithe a fheidhmiú in Kundziņsala) faoi Chomhchuid 6 (an Smacht Reachta). Ar an mbonn sin, tá sé iarrtha ag an Laitvia go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(6) I gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, tar éis an laghdaithe ar leibhéal cur chun feidhme na mbeart agus tar éis laghdú a theacht dá réir ar na costais fholuiteacha, tá iarrtha ag an Laitvia úsáid a bhaint as na hacmhainní a saoradh leis an laghdú ar leibhéal a gcur chun feidhme chun leibhéal cur chun feidhme dhá bheart a mhéadú. Baineann sé sin le beart 3.1.1.7.i (Iasachtaí d'fhorbróirí réadmhaoine chun teaghaisí ar cíos íseal a thógáil) agus le beart 3.1.2.6.i (Infhaighteacht áiseanna teicniúla a éascú) faoi Chomhchuid 3 (Neamhionannas a Laghdú). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Laitvia go ndéanfaí leibhéal cur chun feidhme dhá bheart a mhéadú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

***Measúnú ón gCoimisiún***

(7) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

***Rannchuidiú leis an aistriú digiteach***

(8) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le méid arb é atá ann 22,58 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241.

(9) Tar éis na leasuithe atá beartaithe ag an Laitvia a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta, tháinig laghdú beag ar an rannchuidiú leis an aistriú digiteach ionas ó 22,75 % 22,58 %. Léiríonn an laghdú beag sin ath-leithdháileadh na n-acmhainní a saoradh dar luach EUR 3 010 779 tar éis an laghdaithe ar leibhéal cur chun feidhme bheart 2.3.2.3.i (An deighilt dhigiteach a dhúnadh le haghaidh daltaí agus institiúidí oideachais atá leochaileach go sóisialta) faoi Chomhchuid 2 (An Claochlú Digiteach) agus a rannchuidíonn 100 % leis na cuspóirí digiteacha, i dtreo leibhéal cur chun feidhme bheart 3.1.1.7.i (Iasachtaí d'fhorbróirí réadmhaoine i gcomhair teaghaisí ar cíos íseal a thógáil) faoi Chomhchuid 3 (Laghdú an neamh-chomhionannais) a mhéadú le ranníocaíocht 0 % le cuspóirí digiteacha. Ní dhéanann raon teoranta na leasuithe sin difear do mheasúnú foriomlán an chritéir seo.

***Costáil***

(10) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean leasaithe maidir le méid an chostais iomláin mheasta a bhaineann leis an bplean, tá an t-údar sin measartha (rátáil B) maidir lena réasúnta agus a inchreidte atá sé , tá sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(11) De réir na faisnéise a cuireadh ar fáil, sa mheasúnú ar na meastacháin ar chostais le haghaidh na mbeart atá ann cheana a raibh measúnú costais nua i gceist lena modhnuithe, léirítear go bhfuil formhór na gcostas réasúnta agus inchreidte. Ina theannta sin, bhí údar leis na hathruithe ar na meastacháin ar chostais i gcás na mbeart leasaithe a modhnaíodh, bhí siad comhréireach leis na spriocanna a baineadh nó leis na spriocanna athbhreithnithe agus bhí ríomhanna agus fianaise mhionsonraithe ann a thacaigh leo, agus mar sin níor tháinig athrú ar réasúntacht ná ar inchreidteacht na meastachán sin ar chostais i gcomparáid leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh. Ar deireadh, tá méid chostas iomlán measta an phlean i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

*Aon chritéir mheasúnaithe eile*

(12) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Laitvia chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean de réir na gcritéar measúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (d), (da), (db), (e), (g), (h), (j) agus (k), de Rialachán (AE) 2021/241.

***Measúnú dearfach***

(13) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go comhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

*Rannchuidiú airgeadais*

(14) Is é EUR 1 969 244 522 costas iomlán measta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Laitvia. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe cothrom leis an ranníocaíocht uasta airgeadais cothrom le dáta atá ar fáil don Laitvia, an ranníocaíocht airgeadais arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241, ar ranníocaíocht í a leithdháilfear ar phlean leasaithe na Laitvia, EUR 1 969 244 522 ba cheart a bheith inti. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais atá á cur ar fáil don Laitvia.

(15) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a ionadú go hiomlán.

(16) Tá an Cinneadh seo gan dochar do thoradh aon nós imeachta a bhaineann le cistí de chuid an Aontais a dhámhachtain faoi aon chlár de chuid an Aontais seachas an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta nó do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a fhéadfar a ghabháil ar láimh, go háirithe faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní sháraítear leis an gCinneadh seo an ceanglas atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh faoi chásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[6] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit, IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

*Airteagal 1*

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Laitvia ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Airteagal 2*

*Leasuithe*

Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Laitvia.

*Airteagal 3*

*Seolaí*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na Laitvia .

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*